

II

(Gníomhartha neamhrechtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2022/68 ÓN gCOIMISIÚN

an 27 Deireadh Fómhair 2021

lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le cleachtais fhíoneolaíocha údaraithe

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margáí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 75(2) agus Airteagal 80(4) de,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Leagtar rialacha síos le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 ón gCoimisiún ⁽²⁾ lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a bhaineann le limistéir fionsaothrúcháin ina bhféadfar an neart alcóil a mhéadú, le cleachtais fhíoneolaíocha údaraithe agus le srianta is infheidhme maidir le táirgeadh agus caomhnú táirgí fíniúna, leis an gcéatadán íosta alcóil i gcás fotháirgí agus a ndiúscairt, agus le foilsíú na gcomhad de chuid Eagraíocht Idirnáisiúnta Fíniúna agus Fiona (OIV).
- (2) Sainmhínítear le hAirteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 na limistéir fionsaothrúcháin ina bhféadfaidh neart alcóil iomlán uasta 20 % de réir toirte a bheith ag fionta. Tá ainmneacha na bhfionta “Vin de pays de Franche-Comté” agus “Vin de pays du Val de Loire” dá dtagraítear san Airteagal sin athraithe. Ba cheart an tAirteagal sin a leasú dá réir.
- (3) Leagtar amach le hIarscríbhinn I, Cuid A, a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 liosta na gcleachtais fhíoneolaíoch údaraithe agus na srianta is infheidhme maidir le táirgeadh agus caomhnú táirgí fíniúna a thagann faoi raon feidhme Iarscríbhinn VII, Cuid II, a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, dá dtagraítear in Airteagal 80(1) den Rialachán sin. Leagtar síos na próisis fhíoneolaíocha údaraithe agus coinníollacha agus teorainneacha a n-úsáide le hIarscríbhinn I, Cuid A, Tábla 1, a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934. Leagtar síos na comhdhúile fhíoneolaíocha údaraithe agus coinníollacha agus teorainneacha a n-úsáide le Tábla 2 den Chuid sin. Ba cheart Táblaí 1 agus 2 a fhorlíonadh chun dul chun cinn teicniúil a chur san áireamh, go háirithe i ndáil le rúin a ghlac OIV in 2019, in 2020 agus in 2021. Ina theannta sin, ba cheart cuid den fhaisnéis a sholáthraítear sna Táblaí sin a shoiléiriú a thuilleadh agus ba cheart feabhas a chur ar chomhleanúnachas na faisnéise.
- (4) Chun feabhas a chur ar an tsoiléireacht agus faisnéis a chur ar fáil ar bhealach níos fearr do tháirgeoirí táirgí fíniúna a bhaineann úsáid as próisis fhíoneolaíocha údaraithe, ba cheart colún breise a chur isteach In Iarscríbhinn I, Cuid A, Tábla 1, a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934. Ba cheart a liostú leis an gcolún sin catagóirí na dtáirgí fíona a bhféadfar próiseas fhíoneolaíoch a úsáid le linn a dtáirgthe.

⁽¹⁾ IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.

⁽²⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 ón gCoimisiún an 12 Márta 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le limistéir fionsaothrúcháin inar féidir an neart alcóil a mhéadú, cleachtais fhíoneolaíocha údaraithe agus srianta is infheidhme maidir le táirgeadh agus caomhnú táirgí fíniúna, an t-íoschéatadán alcóil i gcás táirgí agus a ndiúscairt, agus foilsíú comhad de chuid OIV (IO L 149, 7.6.2019, lch. 1).

- (5) Tá coinníollacha agus teorainneacha úsáide an phróisis aeraithe nó ocsaiginithe fhíoneolaíoch, in Iarscríbhinn I, Cuid A, Tábla 1, mír líne 1, a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934, atá údaraithe faoi láthair, róshriantach toisc nach gceadaítear leo ach ocsaigin ghásach a úsáid. Ba cheart dóibh tagairt a dhéanamh ina áit sin do chomhaid ábhartha 2.1.1 agus 3.5.5 OIV lena gceadaítear úsáid ocsaigine agus air aron.
- (6) Ar mhaithe le hiomláine, maidir le coinníollacha agus teorainneacha úsáide chóireálacha teasa an phróisis fhíoneolaíoch in Iarscríbhinn I, Cuid A, Tábla 1, mír líne 2, a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934, ba cheart dóibh tagairt a dhéanamh do chomhaid bhreise OIV a bhaineann le cóireálacha teasa, mar atá, comhaid 2.3.6, 2.3.9, 3.5.4 agus 3.5.10.
- (7) Cé go nglacann OIV leo, ní áirítear fuar-chóireálacha faoi láthair in Iarscríbhinn I, Cuid A, Tábla 1, a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934. Mar gheall ar a dtábhacht san fhíonóireacht, is iomchuí a n-úsáid a údarú, faoi réir coinníollacha áirithe, agus mír líne nua a chur isteach sa Tábla sin.
- (8) Chun feabhas a chur ar an tsoiléireacht, is iomchuí cé na hoibreáin támhscagtha atá údaraithe a shonrú in Iarscríbhinn I, Cuid A, Tábla 1, mír líne 3, a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 trí thagairt dhéanamh do chomhaid ábhartha OIV, mar atá, comhaid 2.1.11, 2.1.11.1, 3.2.2 agus 3.2.2.1.
- (9) In Iarscríbhinn I, Cuid A, Tábla 1, mír líne 5, a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934, ar mhaithe le comhsheasmhacht, maidir leis an bhfaisnéis ar chatagóirí na dtáirgí fíona, a bhféadfar próisis fhisiciúla a úsáid chun dé-ocsaíd sulfair a dhíothú i dtáirgeadh na dtáirgí sin, ba cheart an fhaisnéis sin a scríosadh ó cholún 2 agus a thabhairt isteach i gcolún nua 3 den Tábla sin.
- (10) Déantar foráil le hAirteagal 29 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/273 ón gCoimisiún ⁽³⁾ go dtaifeadfar roinnt cóireálacha sa chlár dá dtagraítear in Airteagal 147(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013. Luaitear an ceanglas sin i roinnt míreanna líne ábhartha, ach ní amhlaidh i ngach mír líne ábhartha de Thábla 1 de Chuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 mar aon le roinnt Aguisíní a ghabhann le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin. Chun feabhas a chur ar an gcomhsheasmhacht laistigh de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934, ba cheart tagairt a dhéanamh don cheanglas sin i ngach mír líne ábhartha de Thábla 1 tríd an gceanglas a chur isteach i gcás ina mbeidh sé ar iarraidh agus tríd an gceanglas a aistriú, i gcás inarb iomchuí, ó na hAguisíní chuig Iarscríbhinn I. Baineann sé sin le colún 2 de mhíreanna líne 6, 10, 11, 12, 16, 17 agus 18 de Thábla 1 agus le hAguisíní 5, 7, 8 agus 10 a ghabhann le hIarscríbhinn I.
- (11) Le hIarscríbhinn VIII, Cuid I, Roinn B, pointí 1(b) agus (c), a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, tagraítear don fhéidearthacht chun neart alcóil nádúrtha úrfhíona fíonchaor agus fíona a mhéadú faoi seach le tiúchan páirteach. Ní áirítear an próiseas fíoneolaíoch sin faoi láthair in Iarscríbhinn I, Cuid A, Tábla 1, a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934. Is iomchuí dá bhrí sin é a údarú agus mír líne nua a chur isteach sa Tábla sin.
- (12) Le Rún OIV-OENO 594A-2019, bunaíodh cleachtas fíoneolaíoch nua, mar atá, laghdú na microrgánach dúchasach i bhfíonchaora agus in úrfhíonta fíonchaor le próiseas ardbhrú neamhleanúnach. Ba cheart mír líne nua a chur le hIarscríbhinn I, Cuid A, Tábla 1, a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 dá bhrí sin.
- (13) Le Rún OIV-OENO 594B-2020, bunaíodh cleachtas fíoneolaíoch nua, mar atá, úrfhíonta fíonchaor a chóireáil le próisis ardbhrú leanúnacha chun microrgánaigh fhiáine a dhíothú. Ba cheart mír líne nua a chur le hIarscríbhinn I, Cuid A, Tábla 1, a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 dá bhrí sin.
- (14) Le Rún OIV-OENO 616-2019, bunaíodh cleachtas fíoneolaíoch nua, mar atá, fíonchaora brúite a chóireáil le hultrafhuaim chun eastóscadh a gcomhdhúl a chur chun cinn. Ba cheart mír líne nua a chur le hIarscríbhinn I, Cuid A, Tábla 1, a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 dá bhrí sin.

⁽³⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/273 ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2017 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le scéim na n-údaruithe le haghaidh planduithe finiúnacha, clár na bhfíonghort, doiciméid tionlacain agus deimhniúcháin, an clár isteach agus amach, dearbhuithe éigeantacha, fógraí agus foilsíú faisnéise ar tugadh fógra fúithi, agus lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na seiceálacha agus na pionóis ábhartha, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 555/2008 ón gCoimisiún, Rialachán (CE) Uimh. 606/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 607/2009 ón gCoimisiún agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 436/2009 ón gCoimisiún agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/560 ón gCoimisiún (IO L 58, 28.2.2018, lch. 1).

- (15) Le Rún OIV-OENO 634-2020, bunaíodh cleachtas fíoneolaíoch nua, mar atá, fionchaora a chóireáil le réimsí leictreacha bíogacha chun eastóscadh substaintí luachmhara a éascú agus a mhéadú. Ba cheart mír líne nua a chur le hIarscríbhinn I, Cuid A, Tábla 1, a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 dá bhrí sin.
- (16) Le Rún OIV-OENO 614A-2020 agus 614B-2020, bunaíodh cleachtas fíoneolaíoch nua, mar atá, úrfhionta agus fionta a chóireáil trí úsáid a bhaint as coirníní stíreín-dévinilbeinséine asúiteacha chun claontaí orgánaileipteacha, lena mbaineann saintréithe “bholadh na hithreach agus an úrfhíona”, a laghdú nó a dhíothú. Ba cheart mír líne nua a chur le hIarscríbhinn I, Cuid A, Tábla 1, a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 dá bhrí sin.
- (17) Cuireadh tartráit chailciam san áireamh d'earráid sa Roinn maidir le rialtáin aigéadachta in Iarscríbhinn I, Cuid A, Tábla 2, mír líne 1.7, a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934. Ní dhéantar tagairt le comhad 3.3.12 OIV ach dá saintréith mar oibreán cobhsaitheach. Is iomchúí an mhír líne sin a scriosadh ón Tábla sin dá bhrí sin.
- (18) Cuireadh aigéad citreach san áireamh sa Roinn maidir le rialtáin chobhsaitheacha in Iarscríbhinn I, Cuid A, Tábla 2, mír líne 6.3, a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934. Cuireadh giostaí chun fion agus baictéir aigéid lachtaigh a tháirgeadh san áireamh faoi seach sa Roinn maidir le hoibreáin choipthe i míreanna líne 9.1 agus 9.2 den Tábla sin. I dteanna na saintréithe cobhsaitheacha agus coipthe faoi seach atá acu, is féidir leis na comhdhúile fíoneolaíocha sin aigéadacht agus blas fíona a mhodhnú freisin, mar a shonraítear i gcomhaid ábhartha Chód Chleachtais Fhíoneolaíocha OIV. Is iomchúí dá bhrí sin míreanna líne nua a chur leis an Roinn maidir le rialtáin aigéadachta sa Tábla sin le haghaidh aigéad citreach, giostaí chun fion a tháirgeadh agus le haghaidh baictéir aigéid lachtaigh faoi seach.
- (19) Léiríodh le taithí go raibh roinnt catagóirí táirgí fíona a luadh in Iarscríbhinn I, Cuid A, Tábla 2, colún 8, a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 ar iarraidh nó mícheart le haghaidh roinnt comhdhúl fíoneolaíoch. Baineann sé sin le míreanna líne 2.1 go dtí 2.4, 4.1 go dtí 4.6, 5.9, 5.11, 5.12, 5.16, 6.4, 6.11, 7.2 go 7.8 agus 9.2. Ba cheart colún 8 de na míreanna líne sin a leasú dá réir dá bhrí sin.
- (20) Maidir le dé-ocsaíd sulfair, déshuilfít photaisiam agus meiti-dheshuilfít photaisiam a leagtar amach in Iarscríbhinn I, Cuid A, Tábla 2, míreanna líne 2.1, 2.2 agus 2.3 faoi seach, a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934, is comhdhúile comhchosúla iad a chumhdaítear leis na comhaid chéanna OIV. Is iomchúí dá bhrí sin na comhaid chéanna OIV a lua i gcolún 3 den Tábla sin agus na catagóirí céanna de tháirgí fíona i gcolún 8 den Tábla sin le haghaidh na dtrí chomhdhúil sin.
- (21) Maidir le fioghual le haghaidh úsáid fhíoneolaíochta dá dtagraítear in Iarscríbhinn I, Cuid A, Tábla 2, mír líne 3.1, a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 agus snáithíní plandúla roghnaíocha dá dtagraítear i mír líne 3.2 den Tábla sin, úsáidtear iad mar gheall ar a saintréithe asúite seachas a saintréithe ceaptha. Dá bhrí sin, chun críocha soiléirithe, ba cheart ainm Roinn 3 sa Tábla sin lena mbaineann na comhdhúile sin a athrú ó “Leithliseoirí” go “Asúiteoirí”.
- (22) Le Rún OIV-OENO 633-2019, leasaíodh cuspóirí agus réamhthuair chomhaid 2.3.2 OIV a bhaineann le hoibreáin choipthe. Ba cheart Iarscríbhinn I, Cuid A, Tábla 2, míreanna líne 4.1, 4.6 agus 4.8, colún 3, a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 a leasú dá réir.
- (23) Le Rialachán (CE) Uimh. 606/2009 ón gCoimisiún (*), leagtar síos coinníollacha úsáide na hidreaclóiríde tiaimín trí shonrú nach bhféadfar níos mó ná 0,6 mg/l (a shloinntear i dtiaimín) a úsáid in aghaidh na cóireála. Coinníodh an ceanglas sin le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934, lenar aisghaireadh Rialachán (CE) Uimh. 606/2009. Baineadh an tagairt shainráite don teorainn chainníochtúil ar úsáid tiaimín toisc gur measadh go soláthraítear an fhaisnéis sin cheana féin le comhaid OIV 2.3.3 agus 4.1.7 a luaitear in Iarscríbhinn I, Cuid A, Tábla 2, mír líne 4.5, colún 3, a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934. Le linn na chéad bhliana de chur chun feidhme Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 áfach, ba léir mar sin féin go bhféadfaí mearbhall a chruthú a mhéid a bhaineann leis an gcainníocht uasta cheadaithe tiaimín dá léifí an dá chomhad OIV le chéile. Is cosúil go bhféadfaí a thuiscint, in

(*) Rialachán (CE) Uimh. 606/2009 ón gCoimisiún an 10 Iúil 2009 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe áirithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 479/2008 ón gComhairle maidir le catagóirí táirgí finíuna, cleachtais fhíoneolaíocha agus na srianta is infheidhme (IO L 193, 24.7.2009, lch. 1).

éagmais tagartha uimhriúla sainráite, go bhforáiltear le haghaidh teorainn uasta chomhcheangailte 1,2 mg/l leis na tagairtí ar leithligh i gcomhad 2.3.3 (lena meastar gur dáileog leordhóthanach é 0,6 mg/l le haghaidh úrfhíonta) agus i gcomhad 4.1.7 (lena gceadaítear 0,6 mg/l ar a mhéad le haghaidh fíonta súilíneacha). Chun míthuiscint fhéideartha a sheachaint maidir le coinníollacha úsáide an tiaimín, is iomchuí cainníocht uasta 0,6 mg/l, mar ab amhlaidh i Rialachán (CE) Uimh. 606/2009 le haghaidh na comhdhúile sin, a shonrú in Iarscríbhinn I, Cuid A, Tábla 2, mír line 4.5, colún 7, a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934.

- (24) Ón 1 Meitheamh 2013 i leith, níl beintinít údaraithe a thuilleadh mar bhreiseán bia faoi Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵⁾. Is iomchuí dá bhrí sin a huimhir E a scriosadh in Iarscríbhinn I, Cuid A, Tábla 2, mír line 5.9, colún 2, a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934.
- (25) Tháinig Rún OIV-OENO 612-2019 in ionad chomhad OIV 2.1.7 a bhaineann le tainnin a chur le húrffhíonta. Ba cheart Iarscríbhinn I, Cuid A, Tábla 2, míreanna line 5.12 agus 6.4, colún 3, a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 a leasú dá réir.
- (26) Tháinig Rún OIV-OENO 613-2019 in ionad chomhad OIV 3.2.6 a bhaineann le tainnin a chur le fíonta. Ba cheart Iarscríbhinn I, Cuid A, Tábla 2, míreanna line 5.12 agus 6.4, colún 3, a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 a leasú dá réir.
- (27) Le Rialachán (CE) Uimh. 606/2009, teorannaíodh úsáid chiotósáin i dtáirgeadh fíona ach amháin maidir le comhdhúile a dhíorthaítear ó *Aspergillus niger* agus maidir leo siúd amháin. Coinníodh an srian sin in Iarscríbhinn I, Cuid A, Tábla 2, míreanna line 5.13 agus 10.3, a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934. Údaraitear, áfach, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún ⁽⁶⁾ i liosta bianna núíosacha an Aontais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin, an t-úsic ciotósáin as fungais a dhíorthaítear ó *Agaricus bisporus* nó *Aspergillus niger*. Dá bhrí sin, is iomchuí na tagairtí i míreanna line 5.13 agus 10.3 den Tábla sin a ailíniú leis an bhforáil chomhfhreagrach i dTábla 1 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470. Dá bhrí sin, ba cheart a shonrú le colún 1 de na míreanna líne sin go bhféadfaí ciotósáin a dhíorthú ó *Agaricus bisporus* freisin.
- (28) Maidir le foirm theatra-hiodráite na tartráite cailciam dá dtagraítear in Iarscríbhinn I, Cuid A, Tábla 2, mír line 6.2, a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934, úsáidtear an fhoirm mar áis phróiseála in earnáil fíona an Aontais. Toisc gurb ann don tartráit chailciam i bhfoirm dhéhiodráite freisin áfach, fiú mura n-úsáidtear i mbia ach go hannamh í, tá sí údaraithe mar bhreiseán bia E 354 faoi Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 agus is substaint leithleach í nach ionann agus an fhoirm theatra-hiodráite. Ar mhaithe le hiomláine, tá tagairt do E 354 curtha san áireamh faoi láthair freisin in Iarscríbhinn I, Cuid A, Tábla 2, mír line 6.2, a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934. Le linn na chéad bhliana de chur chun feidhme Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 áfach, ba léir nach n-úsáidtear foirm dhéhiodráite na tartráite cailciam san fhíonóireacht. Ina theannta sin, tuairiscíonn na Ballstáit agus lucht an tionscail gurb í foirm theatra-hiodráite na tartráite cailciam an t-aon fhoirm thartráite cailciam atá ar fáil ar an margadh sa chleachtas. Chun an úsáid a shoiléiriú agus aon mhearbhall idir an dá fhoirm den tartráit chailciam a sheachaint, ba cheart an tagairt do bhreiseán bia E 354 in Iarscríbhinn I, Cuid A, Tábla 2, mír line 6.2, colún 2, a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 a scriosadh dá bhrí sin.
- (29) Baineann comhad OIV 3.3.10 le cóireáil fíonta le fearóiciaínid photaisiam. Ní luaitear an comhad sin in Iarscríbhinn I, Cuid A, Tábla 2, mír line 6.5, colún 3, a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 cé gur comhad an-ábhartha leis sin atá ann. Is iomchuí dá bhrí sin tagairt don chomhad sin a chur isteach.
- (30) Le Rún OIV-OENO 586-2019 agus OIV-OENO 659-2020, leasaíodh réamhthuir chomhad OIV 3.3.14 a bhaineann leis an gcóireáil le gumaí ceallalóis (ceallalós carbocsaimeitile). Ba cheart Iarscríbhinn I, Cuid A, Tábla 2, mír line 6.11, colúin 3 agus 8, a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 a leasú dá réir.

⁽⁵⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le breiseáin bhia (IO L 354, 31.12.2008, lch. 16).

⁽⁶⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2017 lena mbunaítear liosta an Aontais de bhianna núíosacha i gcomhréir le Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bianna núíosacha (IO L 351, 30.12.2017, lch. 72).

- (31) Níl an tagairt cheart do chomhad COEI-1-POTASP Choidéacs Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta OIV in Iarscríbhinn I, Cuid A, Tábla 2, mír líne 6.13, colún 4, a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934. Ba cheart tagairt do chomhad COEI-1-POTPOL a chur ina hionad.
- (32) Le Rún OIV-OENO 581A-2021 bunaíodh cleachtas fíoneolaíoch nua, eadhon an chóireáil le haigéad fúmarach i bhfíon chun cosc a chur ar choipeadh malalachtach. Ba cheart mír líne nua a chur le hIarscríbhinn I, Cuid A, Tábla 1, a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 dá bhrí sin.
- (33) Mar a léirítear i gcomhad COEI-1-PRENZY de Choidéacs Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta OIV, is iomaí gníomhaíocht einsimeach a bhíonn in ullmhóidí einsimeacha, agus, seachas na príomhghníomhaíochtaí einsimeacha, ní ghlactar le gníomhaíochtaí tánaisteacha ach amháin má shocraítear iad laistigh de theorainneacha na srianta teicneolaíochta a bhaineann le hullmhóidí einsimeacha a mhonarú. Ní shonraítear an t-idirdhealú sin idir príomhghníomhaíochtaí agus gníomhaíochtaí tánaisteacha i Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 faoi láthair. Is iomchuí dá bhrí sin é a chur san áireamh in Iarscríbhinn I, Cuid A, Tábla 2, a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe sin agus tagairt a dhéanamh do chomhad COEI-1-PRENZY i gcolún 4 de na míreanna líne ó 7.1 go 7.11.
- (34) Le Rún OIV-OENO 682-2021 tugadh na comhaid 1.13, 2.1.4, 2.1.18, 3.2.8 agus 3.2.11 de Chód Chleachtais Fhíoneolaíochta OIV cothrom le dáta. Ba cheart, dá bhrí sin, bliain tagartha na gcomhad sin dá dtagraítear in Iarscríbhinn I, Cuid A, Tábla 2, Roinn 7, colún 3, a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 a leasú.
- (35) Liostaítear roinnt einsímí difriúla le Cód Chleachtais Fhíoneolaíochta OIV. Ní áirítear iad sin ar fad in Iarscríbhinn I, Cuid A, Tábla 2, a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934. Chun an raon einsímí is leithne is féidir a thairiscint do tháirgeoirí fíona chun feabhas a chur ar a gcuid fíonta, is iomchuí liosta na n-einsímí údaraithe sa Tábla sin a chomhchuihbhiú le liosta na n-einsímí a bhfuil glacadh leo i gCód Chleachtais Fhíoneolaíochta OIV. Ba cheart míreanna líne nua le haghaidh na n-einsímí araibionáis, béite-ghlúcánáis (β 1-3, β 1-6) agus glúcóisíodás a chur isteach i Roinn 7 “Einsímí” den Tábla sin dá bhrí sin. Ina theannta sin, ba cheart comhad COEI-1-GLYCOS Choidéacs Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta OIV a scriosadh ó cholún 4 de mhír líne 7.8 den Tábla sin agus é a aistriú chuig colún 4 de mhír líne nua 7.11 toisc go dtagraíonn sé don einsím le huimhir EC 3.2.1.21.
- (36) Le Rúin OIV-OENO 541A-2021 agus 541B-2021, bunaíodh cleachtas fíoneolaíoch nua, eadhon, úsáid a bhaint as Aspeirgileipepsin I chun tiúcháin próitéine a bhaint d’úrfhíon fíonchaor agus d’fhíon faoi seach. Ba cheart mír líne nua a chur le hIarscríbhinn I, Cuid A, Tábla 1, a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 dá bhrí sin.
- (37) Tá comhaid COEI-1-SACCHA agus COEI-1-NOSACC curtha in ionad chomhad COEI-1-LESEAC i gCoidéacs Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta OIV. Is iomchuí dá bhrí sin an tagairt do chomhad COEI-1-LESEAC a scriosadh in Iarscríbhinn I, Cuid A, Tábla 2, mír líne 9.1, colún 4, a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 agus tagairt do chomhaid COEI-1-SACCHA agus COEI-1-NOSACC a chur ina hionad.
- (38) Cuireadh comhad OIV 2.1.3.2.3.2 a bhaineann leis an dí-aigéadú trí bhaictéir aigéid lachtaigh i gcrích le Rún OIV-OENO 611-2019. Is ábhartha an comhad sin d’Iarscríbhinn I, Cuid A, Tábla 2, mír líne 9.2, a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 agus ba cheart é a chur le colún 3 den Tábla sin dá bhrí sin.
- (39) De réir mhír 1 d’Aguisín 1 a ghabhann le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934, ní cheadaítear úsáid aigéid tartaraigh le haghaidh an dí-aigéadaithe faoi láthair ach amháin le haghaidh táirgí a thionscnaíonn ó chineálacha fíniúna “Elbling” agus “Weißer Riesling” agus fhaightear ó fhíonchaora a bhaintear sna limistéir fionsaothrúcháin seo a leanas den chuid thuaidh de chrios fionsaothrúcháin A: Ahr, Rheingau, Mittelrhein, Mosel, Nahe, Rheinhessen, Pfalz agus Moselle luxembourgeoise. Chuir an Ghearmáin in iúl don Choimisiún go bhfuil saothrú chineálacha fíniúna “Elbling” agus “Weißer Riesling” údaraithe sa Ghearmáin anois i limistéir fionsaothrúcháin eile de chrios fionsaothrúcháin A. Ba cheart liosta na réigiún dá dtagraítear sa mhír sin a leasú dá bhrí sin chun gach limistéar de chrios fionsaothrúcháin A sa Ghearmáin a chumhdach.

- (40) Sainmhínear cion uasta dé-ocsaíde sulfair na bhfionta le hIarscríbhinn I, Cuid B, a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934. Athraíodh ainmneacha na bhfionta “Côteaux de l’Ardèche”, “Lot”, “Corrèze”, “Oc”, “Thau” agus “Allobrogie” dá dtagraítear sa 14ú fleasc de phointe A(2)(c) den Chuid sin. Ina theannta sin, d’iarr an tSlóivéin go gcuirfí an fion “vrhunsko vino ZGP — slamno vino (vino iz sušenega grozdja)” i measc liosta na bhfionta dá bhféadfar an cion uasta dé-ocsaíde sulfair a ardú suas go 400 mg/l. Tá cion siúcra iarmharach an-ard san fhíon sin, rud a fhágann gur gá leibhéil dé-ocsaíde sulfair níos airde dá bhrí sin chun caomhnú an fhíona a áirithiú. Ba cheart Iarscríbhinn I, Cuid B, a leasú dá réir.
- (41) D’iarr an Spáinn leasuithe ar fhorálacha a bhaineann le fionta licéir na Spáinne a leagtar síos in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 chun comhsheasmhacht a áirithiú le sainmhíniú na bhfionta licéir dá dtagraítear in Iarscríbhinn VII, Cuid II, pointe (3), a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 agus le sonraíochtaí na bhfionta ar a bhfuil sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint Condado de Huelva agus Lebrija. Arna iarraidh sin do tháirgeoirí fíona na Spáinne, d’iarr an Spáinn freisin na cineálacha Garnacha roja agus Mazuela a chur le liosta na gcineálacha dá dtagraítear in Aguisín 3 a ghabhann le hIarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934. Is iomchuí na Ranna ábhartha agus na hAguisíní ábhartha a ghabhann le hIarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 a leasú dá bhrí sin.
- (42) Le Cuid B d’Aguisín 1 a ghabhann le hIarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934, liostaítear na fionta licéir ar a bhfuil sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint, a gcuirtear na táirgí, dá dtagraítear in Iarscríbhinn VII, Cuid II, pointe (3)(f), a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, leo i dtáirgeadh na bhfionta sin. Tar éis leasuithe ar shonraíochtaí an fhíona ar a bhfuil an sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint “Κομμανδάρια (Commandaria)”, d’iarr an Chipir go gcuirfí an fion sin le pointe 5 agus pointe 6 de Chuid B d’Aguisín 1 a ghabhann le hIarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe sin. Ba cheart na pointí sin a leasú dá réir.
- (43) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 a leasú dá réir.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934.

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 mar a leanas:

- (1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2:

“Airteagal 2

Limistéir fionsaothrúcháin ina bhféadfadh neart alcóil iomlán uasta 20 % de réir toirte a bheith ag fionta

Is éard a bheidh sna limistéir fionsaothrúcháin dá dtagraítear in Iarscríbhinn VII, Cuid II, pointe (1), an dara mír, pointe (c), an chéad fhleasc, a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, criosanna C I, C II agus C III dá dtagraítear in Aguisín 1 a ghabhann leis an Iarscríbhinn sin agus na limistéir de chríos B inar féidir fionta bána leis na tásca geografacha faoi chosaint seo a leanas a tháirgeadh: ‘Franche-Comté’ agus ‘Val de Loire’;

- (2) leasaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo;
- (3) leasaítear Iarscríbhinn III i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 27 Deireadh Fómhair 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmhligthe (AE) 2019/934 mar a leanas:

(1) leasaítear Cuid A mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Tháblaí 1 agus 2:

“Tábla 1

Próisis fhíoneolaíocha údaraithe dá dtagraítear in airteagal 3(1)

	1	2	3
	Próisis fhíoneolaíocha	Coinníollacha agus teorainneacha úsáide (1)	Catagóirí na dtáirgí fíona (2)
1	Aerú nó ocsaiginiú	Faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach i gcomhaid 2.1.1 (2016) agus 3.5.5 (2016) de Chód Chleachtais Fhíoneolaíocha OIV.	(1), (2), (3), (4), (5), (6), (7), (8), (9), (10), (11), (12), (15) agus (16)
2	Cóireálacha teasa	Faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach i gcomhaid 1.8 (1970), 2.2.4 (1988), 2.3.6 (1988), 2.3.9 (2005), 3.4.3 (1988), 3.4.3.1 (1990), 3.5.4 (1997) agus 3.5.10 (1982) de Chód Chleachtais Fhíoneolaíocha OIV.	Fíonchaora úra (1), (2), (3), (4), (5), (6), (7), (8), (9), (10), (11), (12), (15) agus (16)
2a	Fuar-Chóireálacha	Faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII, Cuid I, Roinn B, pointe 1(c), a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 agus i gcomhaid 1.14 (2005), 1.15 (2005), 2.1.12.4 (1998), 2.3.6 (1988), 3.1.2 (1979), 3.1.2.1 (1979), 3.3.4 (2004) agus 3.5.11.1 (2001) de Chód Chleachtais Fhíoneolaíocha OIV.	Fíonchaora úra (1), (2), (3), (4), (5), (6), (7), (8), (9), (10), (11), (12), (15) agus (16)
3	Lártheifneoirí agus scagachán le hoibreán támhscagtha nó gan oibreán támhscagtha	Oibreáin támhscagtha is ea na hoibreáin sin dá dtagraítear i gcomhaid 2.1.11 (1970), 2.1.11.1 (1990), 3.2.2 (1989) agus 3.2.2.1 (1990) de Chód Chleachtais Fhíoneolaíocha OIV. Ní mór nach bhfágfar iarmhair neamh-inmhianaithe istigh sa táirge cóireáilte de bharr na n-oibreán sin a úsáid.	(1), (2), (3), (4), (5), (6), (7), (8), (9), (10), (11), (12), (15) agus (16)
4	Cruthaigh atmaisféar támh	Chun an táirge a láimhsiú agus é cosanta ar an aer agus chun na críche sin amháin.	(1), (2), (3), (4), (5), (6), (7), (8), (9), (10), (11), (12), (15) agus (16)
5	Dé-ocsaíd sulfair a dhíothú trí phróisis fhisiceacha		Fíonchaora úra, (2), (10), (11), (12), (13) agus (14)
6	Roisíní malairte ian	Faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos in Aguisín 3 a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo. Déanfar an chóireáil a thairgeadh sa chlár dá dtagraítear in Airteagal 147(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.	Úrghion fíonchaor atá beartaithe chun úrghion fíonchaor tiubhaithe coigeartaithe a mhonarú
7	Boilgearnach	Nuair atá úsáid á baint as argón nó as nítrigin agus sa chás sin amháin.	(1), (2), (3), (4), (5), (6), (7), (8), (9), (10), (11), (12), (15) agus (16)

8	Snámhacht	Nuair atá úsáid á baint as nítrigin nó as dé-ocsaíd charbóin nó trí aerú a dhéanamh agus sna cásanna sin amháin. Faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach i gcomhad 2.1.14 (1999).	(10), (11) agus (12)
9	Dioscaí de phairifín íon atá tuilthe le hisitiaicianáit aillile	Chun atmaisféar steiriúil a chruthú agus chun na críche sin amháin. Ceadaithe san Iodáil ar choinníoll go mbeidh sé i gcomhréir le reachtaíocht na tíre sin agus sa chás sin amháin agus i gcoimeádáin ina bhfuil toirt níos mó ná 20 lítear agus sa chás sin amháin. Tá úsáid isitiaicianáite aillile faoi réir na gcoinníollacha agus na dteorainneacha i dTábla 2 maidir le comhdhúile fhíoneolaíocha údaraithe.	Úrghíon leathchoipthe atá lena chaitheamh go díreach ag an duine ar an mbealach sin, (1), (2), (3), (4), (5), (6), (7), (8), (9), (15) agus (16)
10	Cóireáil leictrea-scagdhealaithe	Chun cobhsú tartarach an fhíona a áirithiú agus chun na críche sin amháin. Faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos in Aguisín 5 a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo. Déanfar an chóireáil a thairfeadh sa chlár dá dtagraítear in Airteagal 147(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.	Úrghíon leathchoipthe atá lena chaitheamh go díreach ag an duine ar an mbealach sin, (1), (3), (4), (5), (6), (7), (8), (9), (15) agus (16)
11	Píosaí adhmaid darach	San fhíonóireacht agus san aosú, lena n-áirítear le linn fíonchaora úra agus úrghíon fíonchaor á gcoipeadh. Faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos in Aguisín 7 a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo. Déanfar an chóireáil a thairfeadh sa chlár dá dtagraítear in Airteagal 147(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.	(1), (2), (3), (4), (5), (6), (7), (8), (9), (10), (11), (12), (15) agus (16)
12	An cion alcóil san fhíon a cheartú	Ní dhéantar ceartú ach le fíon amháin. Faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos in Aguisín 8 a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo. Déanfar an chóireáil a thairfeadh sa chlár dá dtagraítear in Airteagal 147(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.	(1), (2), (3), (4), (5), (6), (7), (8), (9), (15) agus (16)
13	Caitianmhalartóirí le haghaidh cobhsú tartarach	Faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos i gcomhad 3.3.3 (2011) de Chód Chleachtais Fhíoneolaíocha OIV. Ní mór dó Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (?) a chomhlíonadh freisin agus na forálacha náisiúnta a ghlactar chun an Rialachán sin a chur chun feidhme. Déanfar an chóireáil a thairfeadh sa chlár dá dtagraítear in Airteagal 147(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.	Úrghíon leathchoipthe atá lena chaitheamh go díreach ag an duine ar an mbealach sin, (1), (3), (4), (5), (6), (7), (8), (9), (15) agus (16)
14	Cóireáil leictreascannáin	Chun aigéadú nó dí-aigéadú a dhéanamh agus sa chás sin amháin. Faoi réir na gcoinníollacha agus na dteorainneacha a leagtar síos in Iarscríbhinn VIII, Cuid I, Roinn C agus Roinn D, a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 agus in Airteagal 11 den Rialachán seo. Ní mór dó Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004 agus Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 ón gCoimisiún (?) a chomhlíonadh agus na forálacha náisiúnta a ghlactar chun na Rialacháin sin a chur chun feidhme. Faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach i gcomhaid 2.1.3.1.3 (2010), 2.1.3.2.4 (2012), 3.1.1.4 (2010), 3.1.2.4 (2012) de Chód Chleachtais Fhíoneolaíocha OIV. Déanfar an chóireáil a thairfeadh sa chlár dá dtagraítear in Airteagal 147(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.	(1), (2), (3), (4), (5), (6), (7), (8), (9), (10), (11), (12), (15) agus (16)
15	Caitianmhalartóirí le haghaidh aigéadú	Faoi réir na gcoinníollacha agus na dteorainneacha a leagtar síos in Iarscríbhinn VIII, Cuid I, Roinn C agus Roinn D, a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 agus in Airteagal 11 den Rialachán seo. Ní mór dó Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004 a chomhlíonadh agus na forálacha náisiúnta a ghlactar chun an Rialachán sin a chur chun feidhme. Faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach i gcomhaid 2.1.3.1.4 (2012) agus 3.1.1.5 (2012) de Chód Chleachtais Fhíoneolaíocha OIV. Déanfar an chóireáil a thairfeadh sa chlár dá dtagraítear in Airteagal 147(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.	(1), (2), (3), (4), (5), (6), (7), (8), (9), (10), (11), (12), (15) agus (16)

16	Cúpláil scannán	Chun laghdú a dhéanamh ar an gcion siúcra in úrfhíonta agus sa chás sin amháin. Faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos in Aguisín 9 a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo. Déanfar an chóireáil a thairgeadh sa chlár dá dtagraítear in Airteagal 147(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.	(10)
17	Teagmhálaithe scannáin	Chun bainistíocht a dhéanamh ar an ngás tuaslagtha i bhfíon agus chun na críche sin amháin. Toirmisctear dé-ocsaíd charbóin a chur isteach le haghaidh na dtáirgí a shainmhínítear in Iarscríbhinn VII, Cuid II, pointí (4), (5), (6) agus (8), a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013. Ní mór dó Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004 agus Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 a chomhlíonadh agus na forálacha náisiúnta a ghlactar chun na Rialacháin sin a chur chun feidhme. Faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach i gcomhad 3.5.17 (2013) de Chód Chleachtais Fhíoneolaíoch OIV. Déanfar an chóireáil a thairgeadh sa chlár dá dtagraítear in Airteagal 147(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.	(1), (3), (4), (5), (6), (7), (8), (9), (15) agus (16)
18	Teicneolaíocht scannáin i dteannta carbón gníomhachtaithe	Chun 4-eitilfeanól barrachais agus 4-eitilguaidheacól barrachais i bhfíonta a laghdú agus chun na críche sin amháin. Faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos in Aguisín 10 a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo. Déanfar an chóireáil a thairgeadh sa chlár dá dtagraítear in Airteagal 147(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.	(1), (2), (3), (4), (5), (6), (7), (8), (9), (15) agus (16)
19	Scagphlátaí ina bhfuil y-seoilítí de chineál fósaisíte	Chun alanasóil a asú agus chun na críche sin amháin. Faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos i gcomhad 3.2.15 (2016) de Chód Chleachtais Fhíoneolaíoch OIV.	(1), (2), (3), (4), (5), (6), (7), (8), (9), (15) agus (16)
20	Tiúchan páirteach	Maidir le húrghíon fíonchaor: faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos in Iarscríbhinn VIII, Cuid I, Roinn B, pointe 1(b), a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 agus i gcomhaid 2.1.12 (1998), 2.1.12.1 (1993), 2.1.12.2 (2001), 2.1.12.3 (1998) agus 2.1.12.4 (1998) de Chód Chleachtais Fhíoneolaíoch OIV. Maidir le fíon: faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos in Iarscríbhinn VIII, Cuid I, Roinn B, pointe 1(c), a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 agus i gcomhaid 3.5.11 (2001) agus 3.5.11.1 (2001) de Chód Chleachtais Fhíoneolaíoch OIV. Déanfar an chóireáil a thairgeadh sa chlár dá dtagraítear in Airteagal 147(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.	(1), (2), (3), (4), (5), (6), (7), (8), (9), (10), (15) agus (16)
21	Cóireáil le próisis ardbhrú neamhleanúnacha	Faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos i gcomhad 1.18 (2019) agus 2.1.26 (2019) de Chód Chleachtais Fhíoneolaíoch OIV.	Fíonchaora úra, (10), (11) agus (12)
22	Cóireáil le próisis ardbhrú leanúnacha	Faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos i gcomhad 2.2.10 (2020) de Chód Chleachtais Fhíoneolaíoch OIV.	(10), (11) agus (12)
